An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 19 Márta 2026**
**(OR. en)**

**EUCO 1/26**

**CO EUR 1**
**CONCL 1**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (19 Márta 2026)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

*Déanann an Chomhairle Eorpach comhbhrón ó chroí le muintir na Portaingéile agus seasann sí i ndlúthpháirtíocht leo tar éis na dteagmhas adhaimsire millteanach a tharla sa tír.*

* *

*Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe António Guterres maidir leis an staid gheopholaitiúil agus an t-iltaobhachas.*

*

* *

## I. AN ÚCRÁIN

1. Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le Volodymyr Zelenskyy, Uachtarán na hÚcráine.

2. Phléigh an Chomhairle Eorpach a bhfuil tarlaithe le déanaí maidir leis an Úcráin. Thacaigh 25 Cheann Stáit nó Rialtais go láidir leis an téacs a leagtar amach in EUCO 2/26.

3. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an ábhar seo ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici.

## II. AN MEÁNOIRTHEAR

### *An Iaráin*

4. Cuireann an méid atá ag titim amach san Iaráin agus sa réigiún máguaird an tslándáil réigiúnach agus dhomhanda i mbaol. Iarrann an Chomhairle ar na páirtithe uile an lasóg a bhaint den bharrach agus guaim a choimeád, sibhialtaigh agus an bonneagar sibhialtach a chosaint agus an dlí idirnáisiúnta a urramú, lena n-áirítear prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe, agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta. I ndáil leis an méid sin, iarrann sí go gcuirfí moratóir ar na hionsaithe ar shaoráidí fuinnimh agus uisce. Is olc leis an gComhairle Eorpach bás na sibhialtach agus tá dlúthfhaireachán á dhéanamh aici ar thionchar forleathan na cogaíochta, lena n-áirítear ar an gcobhsaíocht eacnamaíoch.

5. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir na hionsaithe míleata neamh-idirdhealaitheacha atá á ndéanamh ag an Iaráin ar thíortha sa réigiún agus cuireann sí in iúl a dlúthpháirtíocht leis na tíortha atá thíos leis mar gheall ar na hionsaithe sin. Iarrann sí ar an Iaráin agus ar a seachfhórsaí deireadh a chur leis na hionsaithe sin láithreach bonn agus ceannasacht agus iomláine chríochach na dtíortha sa réigiún a urramú, i gcomhréir le Rún 2817 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, ar rún é sin ba cheart a chur chun feidhme go hiomlán. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá an ghníomhaíocht chomhbheartaithe chun cabhrú leis na comhpháirtithe cumais frithdhrón agus aerchosanta a neartú. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh di go bhfuil an Úcráin faoi réir le tacaíocht agus saineolas maidir le haerchosaint agus córais frithdhrón a thabhairt do thíortha na Murascaille.

6. Seasann an tAontas Eorpach go daingean agus go cinnte leis na Ballstáit atá gar don réigiún. Is díol sásaimh di an tacaíocht a chuireann na Ballstáit ar fáil i ndáil leis sin, go háirithe trí shócmhainní míleata a imscaradh sa Mheánmhuir Thoir agus an tacaíocht a thugtar don Chipir. Aithníonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil sé ar intinn ag an gCipir tús a chur le plé leis an Ríocht Aontaithe ar bhunáiteanna na Ríochta Aontaithe sa Chipir agus tá sí faoi réir chun cúnamh a chur ar fáil de réir mar is gá.

7. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach gur gá an t-aerspás réigiúnach a chosaint agus an tslándáil mhuirí a áirithiú agus an tsaoirse loingseoireachta a urramú, agus cáineann sí aon ghníomhaíochtaí a chuireann an loingseoireacht i mbaol nó a chuireann cosc ar shoithí dul isteach i gCaolas Hormuz agus imeacht as.

8. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá an ról atá ag oibríochtaí cosanta muirí an Aontais EUNAVFOR ASPIDES agus EUNAVFOR ATALANTA, agus iarrann sí go dtreiseofaí iad trí níos mó sócmhainní a chur ar fáil dóibh, i gcomhréir leis an sainordú ábhartha atá acu.

9. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach freisin na hiarrachtaí méadaithe a d’fhógair na Ballstáit, lena n-áirítear trí chomhordú neartaithe le comhpháirtithe sa réigiún, chun saoirse loingseoireachta a áirithiú i gCaolas Hormuz, a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha.

10. Leanfaidh an tAontas Eorpach dá shlándáil agus dá leasanna a chosaint, agus é ag obair le comhpháirtithe réigiúnacha agus domhanda chun dul i ngleic leis an tionchar atá ag an gcogaíocht leanúnach. Tá gach beart is gá á dhéanamh ag an Aontas agus na Ballstáit chun sábháilteacht shaoránaigh an Aontais sa réigiún a áirithiú, lena n-áirítear trína chur ar a gcumas an réigiún a fhágáil go sábháilte.

11. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún leanúint de thuairisciú don Chomhairle maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an méid a tharla le déanaí ar an tslándáil fuinnimh agus ar phraghsanna fuinnimh, ar na slabhraí soláthair agus ar imirce san Aontas, agus bearta a mholadh de réir mar is iomchuí. Iarrann sí freisin go ndéanfaí comhordú ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an méid sin ar an tslándáil inmheánach.

12. Cé nach raibh sreafaí imirce i dtreo an Aontais Eorpaigh mar thoradh láithreach ar an gcoinbhleacht, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé ardleibhéal forairdill a choinneáil agus an leibhéal ullmhachta is gá a áirithiú, bunaithe ar na huirlisí agus ar na beartais a d'fhorbair an tAontas le blianta beaga anuas. Ar bhonn na gceachtanna a foghlaimíodh ón ngéarchéim imirce in 2015 agus chun nach dtarlóidh an rud céanna arís, tá an tAontas faoi réir chun leas iomlán a bhaint as na huirlisí taidhleoireachta, dlíthiúla, oibríochtúla agus airgeadais atá aige chun gluaiseachtaí imirce neamhrialaithe chuig an Aontas a chosc agus chun an tslándáil san Eoraip a chaomhnú. Leanfar de shlándáil theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh agus den rialú a dhéantar orthu a neartú. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé comhoibriú le comhpháirtithe sa réigiún chun a áirithiú go bhfaighidh siad an cúnamh agus an tacaíocht is gá.

13. Leanfaidh an tAontas Eorpach den teagmháil le comhpháirtithe sa réigiún chun rannchuidiú leis an díghéarú agus leis an gcobhsaíocht réigiúnach. Tá sé faoi réir le rannchuidiú leis na hiarrachtaí taidhleoireachta uile chun an teannas a laghdú agus teacht ar réiteach marthanach chun deireadh a chur leis an gcogaíocht, cosc a chur ar an Iaráin airm núicléacha a fháil agus deireadh a chur leis na gníomhaíochtaí díchobhsaitheacha atá ar bun aici, lena n-áirítear a clár diúracán balaistíoch.

14. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach nach bhféadfaí cead a thabhairt choíche don Iaráin airm núicléacha a bheith aici agus nach mór di a hoibleagáidí atá ceangailteach ó thaobh dlí i ndáil leis an gcoimirce núicléach a chomhlíonadh faoin gConradh maidir le Neamhleathadh Núicléach. Tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar an Iaráin dul i mbun comhar iomlán an athuair leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach.

15. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar réimeas na hIaráine deireadh a chur leis an bhforéigean agus leis an gcos ar bolg ar a mhuintir féin. Iarrann sí go n-urramófaí cearta uilíocha an duine agus saoirsí bunúsacha mhuintir na hIaráine, lena n-áirítear an ceart a dtodhchaí féin a roghnú.

***Gaza/an Bruach Thiar***

16. Phléigh an Chomhairle Eorpach an staid in Gaza agus ar an mBruach Thiar atá ag dul in olcas, lena n-áirítear in Iarúsailéim Thoir, ar ábhar mór imní é. Athdhearbhaíonn sí a thiomanta atá an tAontas Eorpach don dlí idirnáisiúnta agus do shíocháin chuimsitheach chóir mharthanach atá bunaithe ar réiteach an dá stát i gcomhréir leis na Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA), lena bhfuil sé i gceist go mairfeadh an dá stát dhaonlathacha, Iosrael agus an Phalaistín, taobh le taobh, faoi shíocháin, laistigh de theorainneacha slána aitheanta.

17. Iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair go ndéanfadh na páirtithe uile an sos comhraic agus gach foráil eile de Rún 2803 CSNA a chur chun feidhme ina n-iomláine, i gcomhréir leis na Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le prionsabail ábhartha idirnáisiúnta pholaitiúla agus dhlíthiúla. Sa chomhthéacs sin, iarrann sí go ndéanfaí dí-armáil go buan i gcás Hamas agus grúpaí armtha neamhstáit eile, go dtarraingeofaí siar fórsaí Iosrael ina n-iomláine as Stráice Gaza agus go n-imscarfaí an fórsa sealadach ‘an Fórsa Cobhsaíochta Idirnáisiúnta’, mar a leagtar amach sa Phlean Cuimsitheach chun Deireadh a chur le Coinbhleacht Gaza.

18. Tá an tAontas Eorpach faoi réir chun obair a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Chuimsithigh chun Deireadh a chur le Coinbhleacht Gaza i gcomhréir le Rún 2803 CSNA. Maidir le Misean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah), iarrann an Chomhairle Eorpach ar na páirtithe uile pointe trasnaithe Rafah a athoscailt, seiceálacha a éascú agus an líon daoine a thrasnaíonn a mhéadú. Iarrann sí freisin go gcuirfí dlús leis na hullmhúcháin chun Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) a neartú.

19. Is olc leis an gComhairle Eorpach an staid dhaonnúil thubaisteach leanúnach in Gaza agus iarrann sí ar Iosrael rochtain láithreach gan bhac a cheadú don chabhair dhaonnúil agus don mhórdháileadh leanúnach ar theorainn isteach go Gaza agus ar fud Gaza, lena n-áirítear trí chonair mhuirí na Cipire sa bhreis ar na bealaí talún, agus a chur ar chumas na Náisiún Aontaithe agus a ngníomhaireachtaí, agus eagraíochtaí daonnúla, oibriú go neamhspleách agus go neamhchlaonta chun beatha daoine a shábháil agus an fhulaingt a laghdú. Iarrann sí ar Iosrael a chinneadh maidir leis an dlí i ndáil le clárú na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha a aisiompú, pointí trasnaithe Gaza a athoscailt agus a oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh go hiomlán, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach gur gá cosaint na sibhialtach a áirithiú i gcónaí.

20. Rachaidh an tAontas Eorpach i dteagmháil le páirtithe leasmhara idirnáisiúnta agus réigiúnacha chun rannchuidiú le hatógáil agus athfhorbairt Gaza, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Leanfaidh sé freisin de thacaíocht a thabhairt d'Údarás na Palaistíne, lena n-áirítear lena chlár oibre don athchóiriú, ionas gur féidir leis dul i gceannas in Gaza arís ar bhealach slán éifeachtach. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar Iosrael an t-ioncam imréitigh atá á choinneáil siar a scaoileadh mar ábhar práinne agus na seirbhísí baincéireachta comhfhreagraí idir bainc Iosrael agus bainc na Palaistíne a leathnú, arb ioncam agus seirbhísí iad a bhfuil géarghá leo araon chun feidhmiú cuí Údarás na Palaistíne agus seachadadh seirbhísí riachtanacha don phobal a áirithiú.

21. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir gníomhaíochtaí aontaobhacha Iosrael arb é is aidhm dóibh a láithreacht ar an mBruach Thiar a leathnú, lena n-áirítear in Iarúsailéim Thoir, a dearbhaíodh a bheith neamhdhleathach i dtuairim chomhairleach ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) an 19 Iúil 2024, agus tathantaíonn sí ar rialtas Iosrael na cinntí sin a aisiompú, cloí lena oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta agus pobal Palaistíneach na gcríoch faoi fhorghabháil a chosaint. Iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair go gcaomhnófaí agus go n-urramófaí *status quo* ionaid naofa Iarúsailéim.

22. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir foréigean leanúnach agus méadaitheach na lonnaitheoirí i gcoinne shibhialtaigh na Palaistíne, lena n-áirítear an foréigean i gcoinne na bpobal Críostaí, agus iarrann sí an athuair ar an gComhairle leanúint den obair ar bhearta sriantacha breise i gcoinne lonnaitheoirí antoisceacha agus eintitis agus eagraíochtaí a thacaíonn leo.

***An Liobáin***

23. Is cúis mhór imní don Chomhairle Eorpach go bhfuil an chogaíocht ag dul in olcas sa Liobáin agus an tionchar tromchúiseach a imríonn sí ar shibhialtaigh, lena n-áirítear an t-easáitiú ar mórscála, an fhulaingt agus an bás. Iarrann sí go mbainfí an lasóg den bharrach, go gcosnófaí sibhialtaigh agus bonneagar sibhialtach, agus go n-urramófaí an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Seasfaidh an tAontas Eorpach leis an Liobáin, lena húdaráis agus lena muintir, anois agus feasta, agus bainfidh sé leas as na cúltacaí éigeandála atá aige chun cabhrú leis an bpobal sibhialtach atá buailte. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt do cheannasacht agus d'iomláine chríochach Stát na Liobáine agus dá iarrachtaí forbartha stáit.

24. Cáineann an Chomhairle Eorpach go géar an cinneadh a rinne Hezbollah Iosrael a ionsaí agus tacú leis an Iaráin agus tathantaíonn sí air éirí as láithreach. Is díol sásaimh di gur chinn údaráis na Liobáine toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí míleata Hezbollah. Tacaíonn an tAontas Eorpach leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag na húdaráis chun Fórsaí Armtha na Liobáine a neartú d'fhonn smacht a fháil ar chríoch iomlán na Liobáine.

25. Iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair ar gach páirtí téarmaí chomhaontú sosa cogaidh an 27 Samhain 2024 a urramú agus a chur chun feidhme agus Rún 1701 CSNA a chur chun feidhme ina iomláine. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar Iosrael gan géarú breise a dhéanamh trí oibríochtaí aeir nó talún, agus ceannasacht agus iomláine chríochach na Liobáine a urramú. Iarrann sí ar gach taobh a áirithiú go dtabharfaí cosaint do shibhialtaigh agus don bhonneagar sibhialtach agus staonadh ó ghníomhaíochtaí a mbeadh tuilleadh easáitithe mar thoradh orthu.

26. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a tacaíocht bhuanseasmhach d’Fhórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL), a bhfuil ról bunúsach cobhsaíochta aige. Cáineann an Chomhairle Eorpach na hionsaithe doghlactha a rinneadh ar fhoireann UNIFIL agus iarrann sí go ndéanfaí imscrúdú cuimsitheach orthu. Is sárú tromchúiseach i réimse an dlí idirnáisiúnta iad na hionsaithe sin ar choimeádaithe síochána na Náisiún Aontaithe; ní ghlacfar leo, beag ná mór, agus caithfear éirí astu lom láithreach.

## III. <u>AN tIOMAÍOCHAS AGUS AN MARGADH AONAIR</u>

***Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin***

27. Sa chomhthéacs domhanda reatha, agus é mar chuspóir ag an Aontas Eorpach ‘geilleagar sóisialta margaidh an-iomaíoch’ a shaothrú, ní mór tiomantas athnuaite a bheith ann chun borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais, chun a athléimneacht a mhéadú agus chun a neamhspleáchas straitéiseach agus a shlándáil eacnamaíoch a fheabhsú, rud a choinneoidh ar bun rathúnas agus samhail shóisialta na hEorpa.

28. Dá bhrí sin, chinn an Chomhairle Eorpach clár oibre maidir le ‘Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin’ a sheoladh, a bheidh le cur chun feidhme in 2026 más féidir agus faoi dheireadh 2027 ar a dhéanaí.

29. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar Pharlaimint na hEorpa, ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún an clár oibre sin a chur chun feidhme go práinneach, lena n-áirítear i bhfianaise na litreach a scríobh Uachtarán an Choimisiúin le déanaí, agus déanfaidh sí athbhreithniú rialta ar an dul chun cinn maidir le gach snáithe, agus cuirfidh sí treoir straitéiseach bhreise ar fáil nuair is gá.

***An Margadh Aonair***

30. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis gur freagracht chomhroinnte phráinneach de chuid na mBallstát agus institiúidí uile an Aontais é an Margadh Aonair a dhoimhniú agus a chomhtháthú a thuilleadh, maidir le gach ceann de na ceithre shaoirse is cuid de, agus é a dhéanamh níos simplí do dhaoine agus do ghnólachtaí. Ba cheart an tsaoirse a bheith ag cuideachtaí, gan beann ar a méid, oibriú gan stró ar fud an Mhargaidh Aonair, agus mórmhéadú a dhéanamh chun a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach. Le cur chuige 'Aon Mhargadh Amháin' ina mbeidh rialacha comhchuibhithe ar fud an Aontais a rachaidh in ionad 27 sraith de rialacha náisiúnta, déanfar simpliú ann féin, mar a dhéantar freisin le cur i bhfeidhm dea-fheidhmiúil phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh. Leis an gcur chuige sin, neartófar sláine an Mhargaidh Aonair, áiritheofar cothrom iomaíochta go hinmheánach agus ar fud an domhain araon, agus feabhsófar nascacht agus caighdeáin mhaireachtála do na saoránaigh.

31. Chuige sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit agus ar institiúidí an Aontais bacainní ar na ceithre shaoirse a chosc agus a bhaint, go háirithe na bacainní sin a sainaithníodh i Straitéis an Choimisiúin maidir leis an Margadh Aonair i mí na Bealtaine 2025, d'fhonn dul chun cinn nithiúil follasach a bhaint amach faoi mhí an Mhárta 2027 ar a dhéanaí.

32. Go háirithe, iarrann an Chomhairle Eorpach go dtabharfaí aghaidh ar na bearta seo a leanas mar ardtosaíocht:

    a) an 28ú córas le haghaidh dhlí na gcuideachtaí, chun cabhrú le cuideachtaí Eorpacha, go háirithe cuideachtaí nuálacha, FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta, oibriú agus mórmhéadú ar fud an Mhargaidh Aonair, ar bhonn simplí agus digiteach mar réamhshocrú. Ba cheart do na comhreachtóirí teacht ar chomhaontú maidir leis an gcóras comhchuibhithe roghnach sin do chuideachtaí faoi dheireadh 2026, ar bhonn an togra ón gCoimisiún an 18 Márta 2026;

    b) córas ríomhdhearbhúcháin simplí, aontaithe agus deonach chun seirbhísí trasteorann a sholáthar, chun ualaí riaracháin a laghdú agus oibrithe á bpostú go sealadach chuig Ballstáit eile agus chun cearta na n-oibrithe sin a áirithiú, ar cheart do na comhreachtóirí iad a chomhaontú faoi mhí an Mheithimh 2026;

c) cur le saorghluaiseacht oibrithe trí fheabhas a chur ar aithint fhrithpháirteach na gcáilíochtaí gairmiúla agus trí neart a chur le hinaistritheacht cáilíochtaí agus scileanna thar theorainneacha náisiúnta, lena n-áirítear trí dhigiteáil agus idir-inoibritheacht, ar bhonn togra ón gCoimisiún a thíolacfar faoi fhómhar 2026;

d) prionsabal na haonuaire a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí Thiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa, lena ndéanfar réitigh atá ann cheana a ghiaráil agus lena ndíreofar ar idirghníomhaíochtaí gnó a dhigiteáil agus nósanna imeachta riaracháin a shimpliú ar fud an Aontais, atá le comhaontú ag na comhreachtóirí roimh dheireadh 2026;

e) feabhas a chur ar chosaint tomhaltóirí agus ar fhorfheidhmiú chaighdeáin an Aontais trí neart a chur, ar bhonn togra ón gCoimisiún atá le tíolacadh faoi dheireadh 2026, leis na coimircí maidir le táirgí a chur ar an margadh, go háirithe i gcás faireachas a dhéanamh ar tháirgí neamhchomhlíontacha ó thríú tíortha;

f) saorghluaiseacht earraí a éascú trí aghaidh a thabhairt, ar bhonn togra ón gCoimisiún atá le tíolacadh faoi dheireadh 2026, ar cheanglais ilroinnte maidir le lipéadú táirgí agus pacáistiú, lena n-áirítear trí réitigh dhigiteacha. Ba cheart dó sin aghaidh a thabhairt freisin ar dhrochthionchar na srianta soláthair críochacha lena ndéantar an Margadh Aonair a ilroinnt.

33. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún feabhas a chur ar na dálaí ar fud an Aontais ionas go dtiocfaidh an borradh is gá faoi ghnólachtaí le go mbeidh siad in ann infheistíocht a dhéanamh, nuáil a dhéanamh agus dul san iomaíocht ar an leibhéal domhanda. Áirítear leis sin an t-athbhreithniú leanúnach ar na treoirlínte cumaisc, ar cheart dóibh iomaíocht éifeachtach a áirithiú i gcónaí.

34. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfaí rialacha an Mhargaidh Aonair a fhorfheidhmiú go tráthúil agus go láidir, agus ar an gcaoi sin sláine an Mhargaidh Aonair a chaomhnú.

***Na hualaí riaracháin a shimpliú agus a laghdú***

35. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún, ar na comhreachtóirí agus ar na Ballstáit leanúint de bheith uaillmhianach maidir leis na rialacha a shimpliú agus na hualaí riaracháin a laghdú ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach chun creat rialála atá fabhrach don nuálaíocht agus do FBManna araon a áirithiú, lena n-áirítear tríd an bprionsabal 'tús áite d'fhiontair bheaga' a chur i bhfeidhm, agus gan an bonn a bhaint ón intuarthacht, spriocanna beartais an Aontais, ardchaighdeáin ná sláine an Mhargaidh Aonair.

36. Sa chomhthéacs sin, déanann an Chomhairle Eorpach an méid a leanas:

    a) iarrann sí ar na comhreachtóirí leanúint orthu leis an bhfuinneamh céanna agus na hualaí a bhaineann leis an reachtaíocht atá ann cheana a shimpliú agus a laghdú, go háirithe trí theacht ar chomhaontú, roimh dheireadh 2026, maidir leis na pacáistí omnibus uile atá ar feitheamh, lena n-áirítear pacáiste uaillmhianach omnibus IS faoi mhí Iúil 2026;

    b) iarrann sí ar an gCoimisiún tionscnamh omnibus breise agus tionscnaimh eile maidir le simpliú a chur ar aghaidh, lena n-áirítear na nósanna imeachta maidir le pleanáil agus ceadú a luathú agus a chuíchóiriú a thuilleadh;

    c) iarrann sí ar an gCoimisiún tabhairt faoi ghrinn-athbhreithniú rialála ar *acquis* an Aontais chun deireadh a chur le forálacha atá as dáta, forluí, neamhréireachtaí agus iomarcaíochtaí, a bhféadfadh tarraingt siar tograí reachtacha a bheith i gceist leis;

    d) iarrann sí ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

        i) a áirithiú go mbeidh tionscnaimh nua de chuid an Aontais i gcomhréir leis an bprionsabal 'simplíocht trí dhearadh' agus leis an bprionsabal maidir le reachtóireacht níos fearr, agus go ngabhfaidh measúnuithe tionchair ardcháilíochta leo, go rannchuideoidh siad le spriocanna iomaíochais an Aontais, lena n-áirítear dea-fheidhmiú an Mhargaidh Aonair, agus go laghdófar na costais rialála, riaracháin agus chomhlíontachta leo agus go seachnófar ualaí;

ii) tús áite a thabhairt do rialacháin seachas do threoracha;

iii) teorainn a chur leis an úsáid a bhaintear as gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme, ar cheart dóibh a bheith dírithe ar ghnéithe teicniúla;

e) iarrann sí ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle gan ualaí breise riaracháin a thabhairt isteach i ngníomhartha dlí an Aontais le linn an nós imeachta reachtaigh;

f) iarrann sí ar na Ballstáit, agus rialacha an Aontais á dtrasuí agus á gcur chun feidhme acu, an rórialáil agus ceanglais náisiúnta dhíréireacha a sheachaint.

37. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an gealltanas a thug Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid na Comhairle Eorpaí maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i réimse an tsimplithe.

***Praghsanna fuinnimh inacmhainne agus an tAontas Fuinnimh 2030***

38. Léiríonn an méadú a tháinig ar phraghsanna breoslaí iontaise allmhairithe le déanaí gurb é an t-aistriú fuinnimh an straitéis is éifeachtaí chun uathriail straitéiseach na hEorpa a bhaint amach, athléimneacht a neartú, praghsanna fuinnimh a ísliú ó thaobh struchtúir de, agus an fuinneamh glan, flúirseach agus dúchasach is gá a sholáthar chun geilleagar na todhchaí a chumhachtú. Is den ríthábhacht é go gcuirfí dlús le húsáid agus comhtháthú na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin agus na stórála fuinnimh chun an spleáchas ar mhargaí luaineacha breoslaí iontaise a laghdú agus chun slándáil an tsoláthair a fheabhsú.

39. Ag an am céanna, tá gá le réitigh spriocdhírithe sa ghearrthéarma chun fuinneamh inacmhainne a áirithiú, agus aird á tabhairt ar neodracht na teicneolaíochta, cás uathúil gach Ballstáit ar leith, an riosca athlonnaithe a bhfuil earnálacha áirithe tionsclaíocha neamhchosanta air, agus an gá atá le feabhas a chur ar na dálaí sna hearnálacha nuálacha dianfhuinnimh, gan an bonn a bhaint ó intuarthacht ná ó chothrom iomaíochta.

40. Ós rud é gur imir an choinbhleacht sa Mheánoirthear tionchar láithreach ar phraghsanna fuinnimh do shaoránaigh agus do ghnólachtaí san Eoraip, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar an ngá atá le freagairt chomhordaithe.

41. Chuige sin, déanann an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:

a) iarrann sí ar an gCoimisiún bosca uirlisí de bhearta sealadacha spriocdhírithe a thíolacadh gan mhoill chun aghaidh a thabhairt ar an méadú a tháinig ar na praghsanna breoslaí iontaise allmhairithe le déanaí de dheasca na géarchéime sa Mheánoirthear;

b) iarrann sí ar an gCoimisiún, i bhfianaise na litreach a sheol a Uachtarán le déanaí, lena n-áirítear maidir leis an rún cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh a mhéadú, bearta spriocdhírithe a thíolacadh go práinneach – ar fud chomhpháirteanna uile na bpraghsanna leictreachais – le haghaidh gníomhaíochtaí nithiúla chun na praghsanna leictreachais a ísliú agus chun aghaidh a thabhairt ar róluaineacht sa ghearrthéarma, lena n-áirítear le haghaidh na n-earnálacha dianfhuinnimh, agus na cásanna éagsúla sna Ballstáit á gcur san áireamh. Sa chomhthéacs sin, iarrtar ar an gCoimisiún freisin oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun bearta náisiúnta sealadacha agus spriocdhírithe a cheapadh chun tionchair shuntasacha breoslaí agus comhchodanna gaolmhara den chostas a ghearrtar ar chostais giniúna leictreachais a mhaolú, chomh maith le tionchar na gcomhchodanna eile de na costais uile mar a leagtar amach sa litir iad, agus comharthaí infheistíochta fadtéarmacha á gcaomhnú agus tacú le dlús a chur le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin, agus cothrom iomaíochta a áirithiú sa mhargadh inmheánach;

c) iarrann sí ar an gCoimisiún athbhreithniú ar an gcóras trádála astaíochtaí (CTA) a thíolacadh faoi mhí Iúil 2026 ar a dhéanaí, chun luaineacht i bpraghas an charbóin a laghdú agus chun a thionchar ar phraghsanna leictreachais a mhaolú, lena n-áirítear costais ghaolmhara an tslabhra soláthair, agus ar atreorú na ngníomhaíochtaí, agus ról ríthábhachtach CTA san aistriú aeráide agus fuinnimh á chaomhnú trí bhíthin comhartha praghais margadhbhunaithe le haghaidh astaíochtaí carbóin lena spreagtar infheistíocht agus nuálaíocht;

d) iarrann sí ar na comhreachtóirí teacht ar chomhaontú, in 2026, maidir le pacáiste uaillmhianach eangacha chun an bonneagar is gá a thógáil go tapa, chun a áirithiú go gcosnófar é agus go mbeidh sé athléimneach, chun idirnaisc a fheabhsú, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal tras-Eorpach, lena n-áirítear trí dhlús a chur le nósanna imeachta maidir le ceadú agus trína gcuíchóiriú, agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le margadh fuinnimh comhtháite agus níos láidre, agus cur chuige solúbtha á shainiú maidir le hioncam intíre ó phlódú a eascraíonn as criosanna tairisceana inmheánacha lena gcuirtear cúinsí náisiúnta san áireamh;

e) iarrann sí ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún dlús a chur le cur chun feidhme chlár oibre Aontas Fuinnimh 2030, chun leictriúchán méadaithe, inacmhainne a cheadú go tapa.

Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar hábhair thuasluaite i mí an Mheithimh 2026 agus déanfaidh sí athbhreithniú ar an dul chun cinn.

***Athnuachan thionsclaíoch na hEorpa agus nuálaíocht a chothú, agus spleáchais a laghdú***

42. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a ríthábhachtaí atá sé infheistíocht a dhíriú ar theicneolaíochtaí na todhchaí, dlús a chur leis an nuálaíocht, dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an teicneolaíocht dhigiteach agus leis an mbonneagar is gá, agus feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh bonn tionsclaíoch inbhuanaithe táirgiúil chun dlús a chur leis an bhfás san Eoraip. Ba cheart tabhairt faoi sin ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus ba cheart riachtanais FBManna a chur san áireamh. Is réamhchoinníoll anois é spleáchais straitéiseacha a laghdú agus tábhacht gheopholaitiúil agus tráchtála na hEorpa a neartú don athléimneacht, don fhás agus do chruthú post.

43. Chuige sin, déanann an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:

a) iarrann sí ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, na spleáchais sna hearnálacha straitéiseacha a mhapáil faoi dheireadh 2026 ar a dhéanaí;

b) leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé ‘tosaíocht Eorpach’ spriocdhírithe, chomhréireach a bhunú in earnálacha agus i dteicneolaíochtaí straitéiseacha agus, i ndáil leis sin, iarrann sí ar na comhreachtóirí Gníomh um Dhlús a Chur leis an Tionsclaíocht, arna bhunú ar an togra ón gCoimisiún an 4 Márta 2026, a chomhaontú faoi dheireadh 2026, i gcomhréir le hoibleagáidí ábhartha idirnáisiúnta an Aontais. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún tograí breise a thíolacadh i ndáil leis sin;

c) iarrann sí ar an gCoimisiún gníomhaíocht a dhéanamh chun na príomhearnálacha a chosaint ar iomaíocht éagórach, lena n-áirítear trí úsáid thráthúil a bhaint as bearta cosanta trádála an Aontais, agus dul i ngleic go réamhghníomhach leis an gcomhéigean eacnamaíoch;

d) iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle leanúint de na naisc thrádála agus infheistíochta a éagsúlú, lena n-áirítear rochtain a áirithiú ar acmhainní riachtanacha, slabhraí soláthair, margaí agus teicneolaíochtaí;

e) iarrann sí ar an gCoimisiún pacáiste a mholadh maidir le ceannasacht theicneolaíoch.

***Infheistíocht a shlógadh***

44. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach gur réamhchoinníoll bunúsach don fhás inbhuanaithe é fíor-Aontas Coigiltis agus Infheistíochta a bheith ann ag a bhfuil margadh caipitil atá comhtháite go hiomlán agus éifeachtúil lena ndírítear coigilteas go héifeachtach ar infheistíochtaí táirgiúla san Aontas. Is den ríthábhacht sin chun an caipiteal cothromais is gá a chur ar fáil do ghnólachtaí Eorpacha, lena n-áirítear sna hearnálacha straitéiseacha, chun nuáil agus fás a dhéanamh, agus chun poist ardcháilíochta a chruthú san Aontas.

45. Chuige sin, déanann an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:

a) iarrann sí ar na comhreachtóirí an chaibidlíocht i ndáil leis na tograí reachtacha maidir le hurrúsú, pinsin fhorlíontacha agus an pacáiste maidir le comhtháthú margaidh caipitil agus maoirseacht a thabhairt i gcrích faoi dheireadh 2026;

b) iarrann sí ar na comhreachtóirí an chaibidlíocht i ndáil leis an togra reachtach maidir leis an euro digiteach a thabhairt i gcrích faoi dheireadh 2026;

c) iarrann sí ar an gCoimisiún leasuithe spriocdhírithe ar an gcreat stuamachta a mholadh chun feabhas a chur ar acmhainneacht na hearnála baincéireachta geilleagar na hEorpa a mhaoiniú, agus an chobhsaíocht airgeadais á cosaint ag an am céanna, agus d’fhonn cothrom iomaíochta a chaomhnú ina iomláine ar an leibhéal domhanda. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh di go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún tuarascáil a thíolacadh faoi shamhradh 2026 maidir le hiomaíochas na hearnála baincéireachta;

d) iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar na comhreachtóirí comhtháthú mhargadh baincéireachta an Aontais a dhoimhniú trí dhul chun cinn a dhéanamh maidir leis an Aontas Baincéireachta a thabhairt chun críche.

***An Seimeastar Eorpach***

46. Ina theannta sin, thug an Chomhairle Eorpach aghaidh ar na tosaíochtaí do Sheimeastar Eorpach 2026 agus formhuiníonn sí an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro. Rinne an Chomhairle Eorpach staid na fostaíochta agus an staid shóisialta san Aontas Eorpach a mheas freisin.

## IV. COSAINT AGUS SLÁNDÁIL NA hEORPA

47. I bhfianaise timpeallacht gheopholaitiúil atá ag dul in olcas a thuilleadh, agus dúshlán eisiach fós roimh an Aontas Eorpach de bharr chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil rún daingean aici borradh cinniúnach a chur faoi ullmhacht cosanta na hEorpa faoi 2030, spleáchais straitéiseacha a laghdú agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí criticiúla cumais, trí chur chuige 360°.

48. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí chun go mbainfear ullmhacht cosanta amach go pras. Déanann an Chomhairle Eorpach an méid a leanas:

a) leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé dlús a chur leis an obair ar na réimsí tosaíochta cumais arna sainaithint ar leibhéal an Aontais, i gcomhréir iomlán le ECAT. Cuireann sí in iúl gur díol sásaimh di an dul chun cinn a rinneadh cheana féin, agus gur díol sásaimh di na comhghuaillíochtaí cumais uile atá i bhfeidhm agus i bhfearas, agus tugann sí dá haire go bhfuil na Ballstáit ag obair cheana féin ar fhorbairt chomhpháirteach agus ar sholáthar a mhéid a bhaineann le córais drón agus frithdhrón. Aithníonn an Chomhairle Eorpach an dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh maidir le tionscnaimh a chur chun feidhme darb aidhm cliathán thoir na hEorpa a chosaint. Leagann sí béim freisin ar a thábhachtaí atá cumais luathrabhaidh, aerchosanta agus cumais domhain-ionsaithe, agus ar a thábhachtaí atá sócmhainní agus seirbhísí spáis a fhónann chun críoch slándála agus cosanta. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit a áirithiú gur féidir tionscadail nithiúla a sheoladh sna míonna amach romhainn, lena n-áirítear trí úsáid iomlán a bhaint as ionstraimí SAFE agus an Chláir um an Tionscal Cosanta Eorpach (EDIP). Iarrann sí ar an gCoimisiún, ar an gComhairle agus ar na Ballstáit na céimeanna breise is gá a thabhairt chun an dá ionstraim a chur chun feidhme mar ábhar práinne;

b) iarrann sí go ndéanfaí mórathrú chun bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta na hEorpa a neartú ionas gur féidir leis trealamh a sholáthar ar an scála méadaithe agus ar an luas brostaithe is gá, lena n-áirítear an trealamh tosaíochta chun tacú leis an Úcráin, agus i bhfianaise ganntanais a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an soláthar domhanda freisin. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit, faoi chuimsiú na gcomhghuaillíochtaí cumais, agus le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint agus ón gCoimisiún, a mholadh do thionscal cosanta na hEorpa dlús a chur leis an táirgeadh chuige sin;

c) athdhearbhaíonn sí, go háirithe, a thábhachtaí atá dea-fheidhmiú agus comhtháthú breise mhargadh cosanta na hEorpa ar fud an Aontais, lena n-áirítear rochtain trasteorann laistigh den Aontas ar shlabhraí soláthair cosanta, go háirithe do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe. Cuideoidh sé sin freisin le borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na comhreachtóirí bailchríoch a chur ar an obair ar an Omnibus um Ullmhacht Cosanta mar ábhar práinne;

d) iarrann sí ar an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint bailchríoch a chur, faoi mhí an Mheithimh 2026, ar an obair chun an tacaíocht a thugtar do na Ballstáit a neartú i réimse na nuálaíochta, réimse na forbartha cumais, lena n-áirítear trí na ceanglais a chomhchuibhiú agus tríd an éileamh a chomhiomlánú, agus i réimse an tsoláthair chomhoibríoch;

e) dearbhaíonn sí gur díol sásaimh di na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an mBanc Eorpach Infheistíochta chun tionscal cosanta na hEorpa a neartú, lena n-áirítear trí infheistíocht phríobháideach a phlódú isteach;

f) meabhraíonn sí a thábhachtaí atá an nuálaíocht i réimse na cosanta agus gur gá ceachtanna a fhoghlaim ó thaithí na hÚcráine;

g) ag meabhrú di a thábhachtaí atá an tsoghluaisteacht mhíleata, iarrann sí ar na comhreachtóirí leanúint den obair ar an togra ábhartha.

49. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar an staid ag teorainn thoir an Aontais, i bhfianaise na mbagairtí ón Rúis agus ón mBealarúis, chomh maith leis na rioscaí atá ann do na Ballstáit is mó atá buailte de bharr na staide san Iaráin agus sa Mheánoirthear. Athdhearbhaíonn sí a mhéid a rannchuidíonn cosaint theorainneacha uile talún, aeir agus muirí an Aontais le slándáil na hEorpa ina hiomláine.

50. I bhfianaise feachtais hibrideacha leanúnacha arna ndéanamh ag gníomhaithe naimhdeacha i gcoinne an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, a bhí á bhfearadh ag an Rúis agus ag an mBealarúis den chuid is mó, tá coinne ag an gComhairle Eorpach le hiarrachtaí leanúnacha chun an athléimneacht a neartú, an ullmhacht a fheabhsú, an bonneagar criticiúil a chosaint, agus ionsaithe hibrideacha a chosc, a dhíspreagadh agus a fhreagairt, agus aird ar leith á tabhairt ar shlándáil drón agus ar shlándáil frithdhrón.

51. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle an chomhthuiscint ar na bagairtí agus ar na dúshláin atá roimh an Aontas, a comhaontaíodh sa Chompás Straitéiseach in 2022, a thabhairt cothrom le dáta, ar bhonn anailís chuimsitheach 360° ar bhagairtí ar leibhéal an Aontais a ullmhóidh an tArdionadaí i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus ag tógáil ar ionchur uathu.

52. Meabhraíonn an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé oibriú i gcomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis an Aontas agus a bhfuil a spriocanna beartais eachtraigh agus slándála ar aon dul le cinn an Aontais.

53. Tá an méid sin thuas gan dochar do chineál sonrach na mbeartas slándála agus cosanta atá ag Ballstáit áirithe agus cuirtear san áireamh leis, i gcomhréir leis na Conarthaí, leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile.

## V. <u>AN IMIRCE</u>

54. Bhreathnaigh an Chomhairle Eorpach ar an dul chun cinn a rinneadh agus na conclúidí a ghlac sí roimhe seo á gcur chun feidhme, lena n-áirítear i bhfianaise na litreach a sheol Uachtarán an Choimisiúin le déanaí. Iarrann sí go leanfaí den obair dhian ar gach snáithe mar ábhar tosaíochta, lena n-áirítear maidir leis an ngné sheachtrach agus comhpháirtíochtaí cuimsitheacha, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta.

## VI. <u>AN tILTAOBHACHAS</u>

55. Agus dúshlán an iltaobhachais agus an dlí idirnáisiúnta á thabhairt, tá an tAontas Eorpach tiomanta go daingean seasamh le Cairt na Náisiún Aontaithe agus leis na rialacha agus na prionsabail a chumhdaítear inti, go háirithe na rialacha maidir le ceannasacht agus iomláine chríochach, neamhspleáchas polaitiúil agus féinchinntiú.

56. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil an tAontas lán-tiomanta tacú leis an iltaobhachas éifeachtach agus leis an ord idirnáisiúnta riail-bhunaithe a bhfuil na Náisiúin Aontaithe ina chroílár, chomh maith leis an tacaíocht a thugann sí do na hinstitiúidí a sheasann leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí chúirteanna idirnáisiúnta agus na hoifigigh a oibríonn iontu a chosaint go héifeachtach ar aon bhagairtí nó smachtbhannaí. Comhpháirtí intuartha, iontaofa agus inchreidte a bheidh san Aontas Eorpach, anois agus feasta, agus athdhearbhaíonn sé go bhfuil sé tiomanta obair a dhéanamh i gcomhar lena chomhpháirtithe uile chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chaomhnú, agus chun réitigh iltaobhacha ar dhúshláin choiteanna a chur chun cinn. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé saoirse agus slándáil na loingseoireachta a urramú i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige.

57. Oibreoidh an tAontas Eorpach i gcomhar lena chomhpháirtithe uile, agus leis na Náisiúin Aontaithe agus lena ngníomhaireachtaí, chun dul chun cinn a dhéanamh sa phróiseas athchóirithe inmheánaigh – an tionscnamh NA80 – chun a áirithiú go mbeidh na Náisiúin Aontaithe éifeachtach, costéifeachtúil agus freagrúil, anois agus feasta.

## VII. <u>NITHE EILE</u>

***Athléimneacht dhaonlathach na hEorpa a neartú***

58. Ag meabhrú di a thábhachtaí atá sé athléimneacht dhaonlathach na hEorpa agus freagracht dhlíthiúil na n-ardán ar líne a neartú chun scaipeadh na bréagaisnéise agus an ábhair neamhdhleathaigh a chomhrac, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar an bhfreagracht atá ar na hardáin ar líne na rioscaí sistéamacha a bhaineann le húsáid na n-ardán sin a mhaolú agus ar a riachtanaí atá sé sláine agus cuntasacht an spáis faisnéise a chosaint. Iarrann sí ar an gCoimisiún leas iomlán a bhaint as na hionstraimí dá bhforáiltear sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha chun na críche sin. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún, le tacaíocht ón Ardionadaí, feabhas a chur ar a n-athléimneacht i leith gníomhaíochtaí hibrideacha, go háirithe ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis agus iarrachtaí an bonn a bhaint ón daonlathas, agus cur isteach arna dhéanamh ag gníomhaithe príobháideacha eachtracha sna próisis dhaonlathacha toghchán sna Ballstáit á chur san áireamh chomh maith. Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé rannpháirtíocht na saoránach a dhoimhniú, an dioscúrsa daonlathach a neartú agus meáin shaora iolraíocha agus an tsochaí shibhialta a chosaint.

***Leanaí a chosaint ar líne***

59. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé mionaoisigh a chosaint sa réimse digiteach, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

 a) an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus na treoirlínte a ghabhann leis maidir le mionaoisigh a chosaint a chur chun feidhme;

 b) lán-aois dhigiteach a chur chun cinn chun rochtain a fháil ar na meáin shóisialta, agus príobháideachas na n-úsáideoirí á chaomhnú agus inniúlachtaí náisiúnta á n-urramú;

 c) ábhar a ghintear leis an intleacht shaorga a lipéadú agus toirmeasc a chur ar na córais intleachta saorga lenar féidir íomhánna dlúthphearsanta neamhthoiliúla agus ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chruthú.

***Réigiúin oirthearacha an Aontais a bhfuil teorainn acu leis an Rúis, an Bhealarúis agus an Úcráin***

60. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le réigiúin oirthearacha an Aontais a bhfuil teorainn acu leis an Rúis, an Bhealarúis agus an Úcráin dar teideal *'Strong regions for a safe Europe'* [Réigiúin láidre ar mhaithe le hEoraip shábháilte].

***Abhainn Dnístir***

61. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir na hionsaithe a rinne an Rúis ar bhonneagar sibhialta na hÚcráine, a bhfuil abhainn Dnístir, príomhfhoinse fionnuisce Phoblacht na Moldóive, éillithe dá mbarr. Tá an tAontas Eorpach faoi réir chun cúnamh a thabhairt do Phoblacht na Moldóive chun na héifeachtaí ar an gcomhshaol a mhaolú, lena n-áirítear trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an tacaíocht a thug na Ballstáit ar an toirt.